



Fáilte ar ais. Athbhlian faoi mhaise. Tá súil againn go raibh Nollaig iontach ag gach duine.

*Welcome back and Happy New year to you all. We hope you all had a lovely Christmas.*

Beidh an Scoil dúnta don briseadh Mean Téarma ar an Déardaoin agus Aoine 14 & 15 Feabhra 2013.

*The school will be closed on Thursday and Friday 14 & 15 February 2013 for the Mid Term Break.*



### Múinteoir Patricia

Comhghairdeas ó chroí do Mhúinteoir Patricia agus a fear céile Paddy ar bhreith a cúpla gleoite nua, Caitriona agus Peadar!

*A heartfelt congratulations to Múinteoir Patricia and her husband Paddy on the birth of their beautiful twins Caitriona and Peadar!*

### Cycle Safety

Beidh cúrsa Sábháilteacht Rothaíocht ar fáil do rang a 5 & 6 i mbliana ón Luain, Eanáir 21, i gcomhair 5 seachtaine.

*Rang 5 and Rang 6 will take part in a Cycle Safety Training Course run by the Cycling Training and Safety School which will happen every Monday for five weeks starting January 21<sup>st</sup>.*

### Dátaí don Dialainn 2013/Dates for you diary 2013

#### **Cruinniú Tuistí Múinteoirí/ Parent Teacher Meetings**

Beidh na cruinnithe tuistí múinteoirí ar an Máirt 22 Eanáir. Chuaigh litir abhaile an tseachtain seo chaite. Muna fuair sibh ceann, an féidir dul i dteagmháil leis an Oifig.

*The parent teacher meetings will take place on Tuesday, 22 January. A letter was sent home last week. If you did not receive one, please contact the office.*

#### **Ceardlann Bodhrán/Bodhrán Workshop**

Glacfaidh na páistí ó ranganna 1 go 6 páirt i gceardlanna bodhrán ar an gCéadaoin 23 Eanáir. Beidh costais €2 an páiste ar an gceardlann.

*A bodhrán workshop has been organised for Ranganna 1-6 on Wednesday, 23rd of January. There will be a cost of €2 for the workshop.*

#### **Céad Comaoineach/First Communion**

Beidh an Chéad Comaoineach ar an Domhnach 19 Bealtaine 2013 ag 11.30r.n. i Séipéal Muire na nDólás.

*The First Communion will be on Sunday 19 May 2013 at 11.30a.m. in Our Lady of Dolours, Glasnevin.*



#### **Snámh/Swimming**

Níl aon snámh an téarma seo. *There is no swimming this term.*

#### **Turasanna scoile/School tours**

Rang	Dáta/Date	Áit/Place
Naíonáin Bheaga	18 Meitheamh 2013 <i>18 June 2012</i>	Pudding Hill
Naíonáin Mhóra	19 Meitheamh 2013 <i>19 June 2012</i>	Pudding Hill

Rang 1 & Rang 2	25 Meitheamh 2013 25 June 2013	Greenan Maze
Rang 5 & Rang 6	23 - 25 Bealtaine 2013 23 - 25 May 2013	Coláiste Uisce

Is ea polasaí na scoile ná go bhfuil costaisí gníomhaíochtaí scoile bunaithe ar gach duine ag glacadh páirt iontu. Tá sé seo déanta chun na costaisí a choinneál comh íseal agus is féidir agus chun a bheith cothrom do gach duine. Má tá a fhios agat nach mbeidh do pháiste in ann freastail ar an turas, an féidir é a chur in iúl don Múinteoir comh luath agus is féidir.

*It is the school policy that the costs of all school activities are calculated based on full participation by all pupils. This is done in order to keep overall costs to families consistently as low as possible, and in the interest of fairness. Can you let us know if you know your child will not be going on the school trip?*

### Tománaíocht i nGaelscoil Uí Earcáin/Hurling in Gaelscoil Uí Earcáin.



Tá sé i gceist foireann iománaíochta a bhunú i nGaelscoil Uí Earcáin i mbliana. Tá cuireadh faighte againn páirt a ghlacadh i gcomórtas i gcomhair cailíní agus buachaillí as Rang a 2 agus Rang 3 atá ag freastal ar Ghaelscoileanna sa cheantar. Tá sé á eagrú ag CLG Setanta i Baile Munna. Beidh Múinteoir Tighearnán i gceannas ar an bhfoireann seo agus beidh traeneáil ag tosú go luath. Beidh traeneáil ag tosú do páistí sna hárd ranganna níos déanaí sa bhliain. Míle buíochas arís do CLG Oileán na hÉireann, Natasha, agus gach duine a chabhraigh leis an oíche "Camán Amach" a bhí ar siúl ag tús Mí na Nollag. Bailíodh go leoir airgid an oíche sin, agus beidh an tairgead seo á núsáid againn chun cloigid agus trealamh iománaíochta a cheannach. Aon duine gur mhaith leo cabhair a thabhairt leis an traenáil, beidh fáilte ollmhór rompu. Gaelscoil Uí Earcáin abú!

*We intend to have a Hurling team in Gaelscoil Uí Earcáin this year. We have been invited to participate in a Hurling competition for children from Rang 2 and Rang 3 who are attending Gaelscoileanna in the area, which is being organised by Setanta GAA in Ballymun. Múinteoir Tighearnán will be in charge of the team and training will start soon. Hurling training for the senior classes will start later in the year. Many thanks to CLG Erin's Isle, Natasha and everyone who made the 'Camán Amach' night out such a success at the beginning of December. We will be purchasing hurling equipment from the proceeds. If anyone is free to help train the team, please let the Oifig know. Gaelscoil Uí Earcáin abú!*



### Maths for Fun



Bhí an-spraoi i Rang a 3 roimh an Nollaig i dteannta le grúpa iontach tuismitheoirí agus ár CCBSP, Doireann. Chaith siad 5 seachtain ag imirt cluichí mata. Bhíodar ag foghlaim scileanna nua agus ag forbairt scileanna a bhí acu cheanna féin. Bhain gach duine; múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí, an-sult as "Maths for Fun" agus bhraith gach duine gur eiteil an 5 seachtain. Go raibh míle maith agaibh do na tuismitheoirí a thug suas a chuid ama!

*Rang a 3, along with a group of parents and our HSCL, Doireann, had a great time before Christmas. They spent 5 weeks playing maths games. They were learning new skills and developing ones they already had. The Teachers, Parents and Children, really enjoyed "Maths for Fun" and everyone felt that the 5 weeks flew by. We send a huge thank you to the parents who gave up their time!*

## Clarú Naíonáin Bheaga Meán Fómhair 2013/Enrolment for Junior Infants for September 2013

Táimid ag glacadh le ainmneacha do Naíonáin Bheaga do Mheán Fómhair 2013. Má tá páiste agat atá le tosú i nGaelscoil Uí Earcáin agus nach bhfuil an t-ainm curtha síos, an féidir libh é a chur in iúl don Oifig.

*We are taking names for enrolment for Junior Infants for September 2013. If you have a child who is due to start in Gaelscoil Uí Earcáin and you have not put his/her name down, can you please contact the Office.*

## Corpoideachas Rang 1/P.E.Rang 1

Beidh corpoideachas ag Rang 1 ar an Luain agus ar an Déardaoin an téarma seo, le bhur dtoil, déanaigí cinnte go gcaitheann bhur bpáistí éadaí reatha ar na laethanta seo. Beimid fíor-bhuíoch dá seolfadh sibh isteach sean t-léine ar scoil le bhur bpáistí chun na héadaí scoile a chosaint agus muid ag déanamh ealaín.

*Rang 1 will be doing P.E. on Mondays and Thursdays this term, please ensure that your child wears his/her tracksuits on these days. We would be grateful if you could send in an old t-shirt to school with your child to protect their uniform during art lessons.*

Múinteoir Aoife agus Múinteoir Mairéad Bríd.



## Food Dudes

Tá Gaelscoil Uí Earcáin ar bís an clár 'Food Dudes' a chur i bhfeidhm sa scoil ón Máirt 15 Eanáir. Beidh na páistí i ngach rang sa scoil ag cur aithne ar na 'food dudes.' Is iad Charlie, Tom, Raz agus Rocco. Is sárloachra iad na 'food dudes' agus faigheann siad cumhachtaí speisialta ó bhia sláintiúil. Beidh seans ag na páistí i ngach rang sa scoil glasraí agus torthaí a ithe gach lá ar feadh sé lá déag. Tá duaiseanna laethúla ann do na daltaí a bhaineann triail as na glasraí agus na torthaí agus ar ndóigh, beidh deis acu cumhachtaí speisialta a fhorbairt freisin! Tá súil againn go mbainfidh na daltaí, na tuismitheoirí agus na múinteoirí taitneamh agus tairbhe as na 'Food Dudes.' Tá tuilleadh eolais ar fáil ar [www.fooddudes.ie](http://www.fooddudes.ie).

*Gaelscoil Uí Earcáin is delighted to be running the 'Food Dudes' programme in the school from Tuesday, January 15th. All of the children will be getting to know the food dudes. They are Charlie, Tom, Raz and Rocco. By eating fruit and vegetables, they get special powers which turn them in to superheroes. Every child in the school will have a chance to try different fruit and vegetables everyday for sixteen days and there is a daily prize for those children that try both fruit and vegetables. Of course, the children will also have the opportunity to develop super powers! We hope that the students, the parents and the teachers benefit greatly from the 'Food Dudes.' There's more information available on [www.fooddudes.ie](http://www.fooddudes.ie).*

## An Máinséar/ The Crib

Fuair an scoil an máinséar mar bhronntanas cheiliúrtha dár gcéad Nollag sa scoil nua i 2008. Bhíomar fíor-bhuíoch do phobal uile Ghaelscoil Uí Earcáin as urraíocht a chur ar fáil dúinn chun an máinséar a cheannach. I measc na ndaoine/ngrúpaí a bhí buíochas ar leith ag dul dóibh bhí: Páistí na Scoile, An Fhoireann, An Bord Bainistíochta, Coiste na dTuistí, Bráithre De La Salle, National Property Services (Ár glantóirí), Gaelscoileanna Teo., Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lánghaeilge, Muintir Uí Mhaoláin, Muintir Mhic Eoin, Susan Haverty, Oakleaf Kitchens & Bedrooms.

*To celebrate our first Christmas in the De La Salle building Gaelscoil Uí Earcáin received a crib as a Christmas present. We were grateful to the school community for sponsoring this special gift. A special note of thanks went to the following groups for helping to make this possible:*




*Children of the school, The staff, The Board of Management, The De La Salle brothers, National Support Services (Our cleaning company), Gaelscoileanna Teo., Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lánghaeilge, Muintir Uí Mhaoldáin, Muintir McKeon, Susan Haverty, Oakleaf Kitchens & Bedrooms. It will be on display until the end of January. Feel free to drop in for a visit.*

### **Bronntanais/Gifts**

Míle buíochas do na bronntanais a chuir sibh isteach chuig an fhoireann don Nollag.

*Many thanks for the gifts that were sent into the staff for Christmas.*



### **Pairceáil taobh amuigh den ngeata/Parking outside the gate**

Bainfear leas as an spás ar thaobh na láimhe clé taobh amuigh den ngeata agus tú ar do bhealach isteach sa scoil, 'sé sin an stráice clúdaithe le tarmac, mar spás do dhaltaí atá ag fanacht ar oscailt na ngeataí scoile. Tá cosc iomlán ar pháirceáil ar an stráice seo. Iarrtar ar na tuismitheoirí i gcarranna a bheith ag faire amach do na coisithe lasmuigh de gheataí na scoile.

*The area to the left of the school gate as you approach the school, i.e. the strip of tarmac, is reserved as a congregation for pupils who are awaiting the opening of the gates. Parking is not permitted in this area. We would also ask for parents not to park directly in front of the gate as it blocks the entrance in the event of an emergency. Parents in cars are also asked to be more aware of pedestrians outside the school gates.*

### **Asláithreacht/Absence**

Le bhur dtoil, más eol duit go mbeidh do pháiste déanach ag teacht ar scoil, an bhféadfá scéal a chur (tré ríomhpost nó ar an bhfón) chuig an oifig roimh 9.45 rn. Glaofar an rolla ag 9.50 rn, agus má tá páiste in easnamh ag an pointe sin, gan an scéal a bheith ar eolas ag an scoil, breacfar síos iad mar 'as láthair' don lá uilig, fiú má thagann siad ar scoil tar éis sin. De réir an tAcht Oideachais 2000, tá se de dualgais ag an scoil tuairisc a chur ar aghaidh chuig an Bord Náisiúnta Leasa Oideachas maidir le asláithreacht ós cionn 20 lá, mar sin, tá sé fíor-thabachtach go mbeadh an teolas againn má tá do páiste déanach ar scoil ar aon cúis.

*If your child is going to be late for school, could you please inform the office (by email or by phone) **before 9.45 am**. The roll will be called at **9.50 am**, and if a child is missing at that point, without the school having been informed, the child will be noted as 'absent' for the entire day, even if they arrive at school after that point. According to the Education Welfare Act 2000, the school **must** report an absence of more than 20 days per year to the the National Education Welfare Board. Therefore it is extremely important that you let the school know if your child is going to be late **for any cause**.*



### **Cúrsaí do thuismitheoirí/Courses for Parents.**

Tá áthas orainn a thuilleadh cúrsaí a rith do thuismitheoirí an téarma seo. Tosnóidh na ranganna Gaeilge oíche Céadaoin 16 Eanáir ag 7.00i.n. Tosnóidh na ranganna Gaeilge do thuismitheoirí i rith an lae ar an 21ú Eanáir agus beidh siad ar siúl gach Luain. Beimid ag rith cúrsa chomh maith darbh ainm "Help my Kid Learn" a bheidh ag díri isteach ar slite gur féidir le tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt do oideachas a bpáistí trí gníomhaíochtaí simplí spraoiúil a dhéanamh le chéile. Labhair le Doireann len' a thuilleadh eolas a fháil. Tá na cúrsaí seo á rith le cabhair an VEC.

*We are delighted to have more courses on offer for parents this term. Evening Irish classes will start again on Wednesday 16 January at 7.00p.m. Daytime Irish classes for parents start back on January 21<sup>st</sup> and will run every Monday. We are also running a short 4 week course called "Help my Kid Learn" which will look at ways in which parents can support their children's education in the home by doing*

*simple fun activities together. For more information speak to Doireann. These courses are run with the assistance of the VEC.*

### **Leath Lá/Half Days**

Mar eolas díobh, bíonn leath lá ag na páistí nuair a bhíonn siad ag fáil saoire na Nollag, saoire na Cásca agus saoire an tSamhradh. Beidh na Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra críochnaithe ag 11.45r.n. agus Rang 1, 2, 3, 4, 5 & 6 críochnaithe ag 12.00i.n. Críochnaíonn siad ag an gnáth am nuair a bhíonn an briseadh Mean Téarm á fháil acu.

*For your information: The children only have a half day on the last day before the Christmas Holidays, Easter Holidays and Summer Holidays. For Health and Safety reasons, Naíonáin Bheaga and Naíonáin Mhóra will finish at 11.45am and Rang 1, 2, 3, 4, 5 & 6 will finish at 12.00pm. They finish at the normal times for Mid Term Breaks.*

### **Féinmheastóireacht Scoile/School Self Evaluation**

Séard ata i gceist le féinmheastóireacht scoile ná próiseas chun go mbeidh an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus na múinteoirí, i gcomhairle leis an mbord bainistíochta, le tuismitheoirí agus le scoláirí a bheith páirteach i bhfiosrú ar conas gur féidir comhoibriú, athmhachnamh agus athbhreithniú inmheánach scoile a dhéanamh ar mhaiteas le dul chun cinn na páistí agus gur féidir linn obair lena chéile i dtimpeallacht muiníne agus measa, i gcomhairle lena chéile, chun feabhsú scoile a chur ar bun.

Próiseas fianaise-bhunaithe is ea é ina mbailítear fianaise ó réimse d'fhoinsí chun breithiúnais a dhéanamh ar obair na scoile, agus é ar intinn feabhsuithe a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim na scoláirí. Tugann sé deis dúinn mar scoil féachaint:

- Conas mar atá ag éirí linn?
- Conas is eol dúinn sin? Cén fhianaise atá againn?
- Conas is féidir linn tuilleadh a fháil amach?
- Cad iad ár láidreachtaí?
- Cad iad na réimsí ar gá a fheabhsú?
- Conas is féidir linn feabhsú?

Mar pháirt don féinmheastóireacht seo tá ceistneoir Mata curtha le chéile ag an scoil. An féidir é a líonadh ar son do pháiste agus é a sheoladh ar ais chugainn roimh an Aoine 25 Eanáir 2013.

*School self-evaluation is a way for the principal, deputy principal and teachers, in conjunction with the board of management, parents and students, to work together towards reflection, improvement and development of the school. This will ensure a more systematic way to enhance the learning achieved by all pupils and to ensure a mutual respective environment. Self-evaluation is based on what happens in classrooms and not on paperwork. It recognises that teachers and school communities know what is best for their pupils. It affirms good practice and make decisions about what they would like to improve or further develop.*

*This will give us the opportunity to see:*

*How we are doing as a school?*

- *How we know this? What evidence supports this?*
- *How can we learn more?*
- *What are our strengths?*
- *What do we need to improve?*
- *How can we improve on it?*


*As part of our school evaluation we have put together a Maths questionnaire. Could everyone please fill one in for their child and get it back to the school by Friday 25 January 2013. This will help us to develop our current Maths system.*

**Meabhrúchan árachas/Reminder insurance**

Muna bhfuil an árachas pearsanta tógtha amach agaibh agus tá sé ag teastail, an féidir libh an €5.10 a sheoladh chuig an Scoil comh luath agus is féidir.

*If you have not availed of the Personal Insurance and wish to do so, please send in €5.10 to the school as soon as possible.*

**Airgead le n-íoc/ Monies owed:**



An féidir libh na táillí don bhliain a íoc chomh luath agus is féidir, le bhur dtoil?

*Can all outstanding bills for the current school year be paid as soon as possible, please?*

**Ar scáth a chéile, a mhairimid!**